C/2026/67

30.1.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Luachanna Eorpacha a neartú sna tíortha is iarrthóirí trí thacú le hearnáil na seirbhíse poiblí agus trí chomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chumhachtú

(tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Danmhairge)

(C/2026/67)

Rapóirtéir ginearálta: **Kristina AALTONEN**

Comhairleoir	Lorenzo TAMBURRINI
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.2.2025
Bunús dlí	Riail 47(1) de na Rialacha Nós Imeachta
Comhairliúchán	7.2.2025, Litir ó Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Bunús dlí	Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	9.9.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	600
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	211/0/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Leagann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna tíortha is iarrthóirí agus i mBallstáit an Aontais i bpróiseas méadaithe an Aontais. Tá a rannpháirtíocht ghníomhach ríthábhachtach chun tacú leis na tíortha is iarrthóirí aistriú i dtreo luachanna bunúsacha uilíocha na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh: an daonlathas, cearta an duine, cearta saothair, agus an smacht reachta.

1.2. Molann CESE don Choimisiún Eorpach, faoi chuimsiú na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais agus i gcomhthéacsanna ábhartha eile, an méid seo a leanas a dhéanamh:

— a iarraidh ar chomhpháirtithe sóisialta ó na tíortha is iarrthóirí a bheith ina mbreathnóirí ar struchtúir idirphlé shóisialta trasearnála agus ar struchtúir idirphlé shóisialta earnála araon ar leibhéal an Aontais, agus a rannpháirtíocht siúd á maoiniú ag an gCoimisiún. D'fhágfadh an méid sin go dtuigfidís cleachtais an Aontais ag céim luath agus thacódh sé leis an bhfoghlaim;

— cláir agus ionstraimí cistiúcháin an Aontais a dhíriú go straitéiseach chun na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna tíortha is iarrthóirí a neartú, lena n-áirítear idirphlé sóisialta agus sibhialta;

— tús áite a thabhairt do chomhpháirtíochtaí agus do thionscnaimh phiarfhoghlama idir comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó Bhallstáit an Aontais agus ó na tíortha is iarrthóirí, na tionscnaimh sin a chur chun cinn agus iad a mhaoiniú chun malartú frithpháirteach agus fothú acmhainneachta a chur chun cinn;

— an ráthaíocht don aos óg, pleananna fáis agus an clár oibre don athchóiriú a úsáid mar cheann tiomána chun an t-idirphlé sóisialta a neartú;

— dúthracht a chaitheamh le sineirgí a aimsiú le gníomhaithe eile, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) go háirithe, d'fhonn comhleanúnachas a áirithiú, dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus tionchar thacaíocht an Aontais don idirphlé sóisialta agus don fhothú acmhainneachta sna tíortha is iarrthóirí a threisiú.

1.3. Is mian le CESE béim a leagan ar an méid seo a leanas:

— gur cheart na comhpháirtithe sóisialta a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí agus ar fhostaithe, go háirithe iad siúd sna seirbhísí poiblí, a aithint mar phríomghníomhairí a mhéid a bhaineann le muinín an phobail, institiúidí daonlathacha agus idirphlé sóisialta éifeachtach a chur chun cinn;

— gur cheart an comhar idir na húdaráis phoiblí agus an tsochaí shibhialta a neartú agus a institiúidiú mar chuid den ullmhúchán i gcomhair aontachais;

— gur cheart do chomhlachtaí agus d'institiúidí eile de chuid an Aontais dea-chleachtas CESE a ghlacadh chucu féin, agus CESE ar an gcéad chomhlacht ar leibhéal an Aontais a rinne prionsabail aontachais a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus a thug ról do na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas ina chuid oibre trí 'chomhaltaí as na tíortha is iarrthóirí' a cheapadh;

— gur cheart na tíortha is iarrthóirí a spreagadh chun comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta a áireamh ina gcoistí faireacháin chun feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phróisis agus ar an bhfaireachán a dhéanfar air, á chinntiú san am céanna go ndéanfar measúnú rialta ar ionadaíochas.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá an próiseas aontachais bunaithe ar na critéir aontachais (dá ngairtear critéir Chóbanhávan freisin) agus tá sé bunaithe ar an *acquis communautaire*. Tá na tíortha is iarrthóirí in ainm a léiriú go bhfuil creataí dlíthiúla agus institiúidí cobhsaí curtha i bhfeidhm acu a ráthaíonn an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus cosaint mionlach.

2.2. Treisítear an t-ionchas sin le hionstraimí agus caighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear croíchoinbhinsiúin EIS maidir le saoirse comhlachais (Uimh. 87) ([1]), an ceart chun cómhargála (Uimh. 98) ([2]) agus comhairliúcháin thrípháirteacha (Uimh. 144) ([3]). Leagtar síos leis na coinbhinsiúin sin an tábhacht a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta a aithint agus idirphlé struchtúrtha a áirithiú i bpróisis beartas náisiúnta.

2.3. Ní próiseas polaitiúil agus institiúideach amháin é próiseas méadaithe an Aontais; is próiseas é atá bunaithe ar luachanna i ndáiríre. Ceanglaítear ar na tíortha is iarrthóirí ailíniú le croíluachanna agus prionsabail na Náisiún Aontaithe agus an Aontais. Ní mór níos mó a thabhairt i gceist leis an ailíniú sin ná reachtaíocht fhoirmiúil amháin le go mbeidh institiúidí daonlathacha láidre, rannpháirtíocht láidir shibhialta agus idirphlé sóisialta agus sibhialta ann ar gach leibhéal.

2.4. Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, tá aird athnuaite tugtha ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le méadú an Aontais mar riachtanas geopholaitiúil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go n-ailíneoidh tíortha comharsanachta le hord daonlathach domhanda, riailbhunaithe agus Eorpach, ceann atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, ar an iltaobhachas agus ar na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe.

2.5. Molann CESE don Choimisiún Eorpach agus d'institiúidí eile dea-chleachtais ó na tíortha a bhíodh ina n-iarrthóirí roimhe seo agus ó na tíortha is iarrthóirí atá ann faoi láthair a shainaithint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear:

— an chaoi ar thacaigh fostóirí seirbhíse poiblí agus ceardchumainn go cuiditheach le próisis athchóirithe agus le forbairt institiúidí;

— an chaoi ar chuir an comhar idir an tsochaí shibhialta agus an riarachán poiblí trédhearcacht, iarrachtaí frithéillithe agus cuntasacht phoiblí chun cinn;

— an chaoi ar rannchuidigh sásraí idirphlé shóisialta agus shibhialta le cosaint na gceart bunúsach agus le neartú na n-institiúidí daonlathacha.

([1]) Coinbhinsiún 87 EIS: Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin.
([2]) Coinbhinsiún 98 EIS: An Ceart Eagrúcháin agus Cómhargáil.
([3]) Coinbhinsiún 144 EIS: Comhairliúchán Trípháirteach (Caighdeáin Saothair Idirnáisiúnta).

2.6. Tathantaíonn CESE ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na hiarrachtaí follasacha atá á ndéanamh chun an spás sibhialta agus na meáin neamhspleácha a chur faoi chois, agus tuilleadh airde a tharraingt ar na cúrsaí sin sa straitéis um méadú agus sna tuarascálacha tíre. Ba mhaith an mhaise é gach tír is iarrthóir agus gach tír is iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas a chur san áireamh sna tuarascálacha ar an smacht reachta agus ar na cearta bunúsacha.

3. **Ag tacú leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta**

3.1. Tagraíonn CESE do na tuairimí a d'eisigh sé roimhe seo maidir leis an smacht reachta agus luachanna daonlathacha, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta ([4]), agus athdhearbhaíonn sé an ról lárnach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa daonlathas ([5]). Cuireann CESE i bhfios go láidir an ról lárnach atá ag an tsochaí shibhialta maidir le trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú i bpróiseas tuairiscithe an Aontais maidir leis an smacht reachta agus molann sé go mbeadh sí rannpháirteach i ngach céim den phróiseas sin chun dlisteanacht agus cruinneas daonlathach a fheabhsú. Is ríthábhachtach ar fad, mar a chuireann CESE in iúl, ról daonlathach na sochaí sibhialta maidir le glór na saoránach a chur in iúl agus cearta a chosaint. Leis sin, tathantaíonn sé go méadófaí tacaíocht an Aontais trí bhíthin maoiniú, coimircí agus ualaí laghdaithe ar mhaithe le tionchar agus athléimneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú.

3.2. Tagraíonn CESE freisin do na tuairimí a d'eisigh sé roimhe seo maidir leis an idirphlé sóisialta, an t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta agus rannpháirtíocht na hóige san idirphlé sóisialta agus sibhialta ([6]). Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé dul i mbun idirphlé láidir sóisialta chun beartais chóra eacnamaíocha agus shóisialta a mhúnlú. Tá sé ag iarraidh go rachfaí i mbun cómhargáil níos láidre, go mbeadh rannpháirtíocht fhóinteach thrípháirteach ann agus go dtacófaí le creataí náisiúnta. Ba cheart struchtúir thrédhearcacha institiúidithe le haghaidh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin a bhunú agus a chur chun feidhme. Tá sé ag iarraidh freisin go nglacfaí straitéis ní ba láidre ar leibhéal an Aontais i dtaca leis an idirphlé sibhialta, straitéis a n-áireofaí plean gníomhaíochta, scórchlár bliantúil agus painéil saoránach inti, agus sin chun an daonlathas rannpháirtíochta a fheabhsú agus chun Airteagal 11 CAE a chur chun feidhme go héifeachtach. Cuireann sé i bhfáth gur gá don aos óg a bheith rannpháirteach ar bhealach fóinteach san idirphlé sóisialta agus san idirphlé sibhialta. Chuige sin, tá sé ag iarraidh go rachfaí i mbun ceapadh beartas cuimsitheach, go mbeadh rannpháirtíocht struchtúrach ann agus go gcuirfí tacaíocht ar fáil do ghrúpaí óga leochaileacha. Athdhearbhaíonn CESE freisin a thábhachtaí atá sé idirphlé sibhialta agus sóisialta a leabú sna tíortha is iarrthóirí trí bhíthin creat reachtach cuimsitheach.

3.3. Cuireann na Comhchoistí Comhairliúcháin ardáin éifeachtacha ar fáil chun foghlaim fhrithpháirteach, idirphlé sibhialta agus comhar píolótach a chothú. Is tábhachtach an ról atá acu maidir le caibidlíocht aontachais leis an Aontas a leanúint agus idirphlé institiúideach a chothú le comhlachtaí an Aontais.

3.4. Tathantaíonn CESE ar institiúidí an Aontais cur chuige straitéiseach cuimsitheach a ghlacadh i leith na gcéad méaduithe eile. Gan sochaí shibhialta shaor agus neamhspleách, ní bheifear in ann an daonlathas a chosaint ná, go háirithe, croíchearta agus saoirsí a chosaint agus an pobalachas, rud atá ag dul i méid, a aisiompú. Trí mheán modhanna daonlathacha, bíonn an tsochaí shibhialta eagraithe ag obair ar mhaithe le leas an phobail agus is féidir léi an bhearna idir institiúidí rialtais agus an gnáthdhuine a dhúnadh. Cuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta eagraithe spás ar fáil inar féidir le daoine pé rud atá ag cothú imní dóibh a chur in iúl, labhairt amach ar son a gcearta agus lámh a bheith acu sa rannpháirtíocht shibhialta. Agus luachanna comhroinnte ina mbonn leis an tsochaí shibhialta, déanann sí ionadaíocht ar ghlór na bpobal éagsúil, na pobail is leochailí san áireamh.

3.5. Tá CESE ag iarraidh go n-úsáidfí ionstraimí an Aontais atá ann cheana, amhail an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), ar bhealach ní b'éifeachtaí chun tacú le gníomhaithe daonlathacha sna tíortha is iarrthóirí, lena n-áirítear sásraí amhail deontais a ath-leithdháileadh chun go mbeidís ar fáil i ngach réimse agus do gach grúpa leochaileach.

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Meastóireacht ar thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an smacht reachta san Aontas Eorpach (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/1184, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1184/oj).

([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tacaíocht agus cistiú don tsochaí shibhialta i réimse na gceart bunúsach, an smachta reachta agus an daonlathais (Tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2023/861, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/861/oj).

([6]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (COM(2023) 38 final — 2023/0012 (NLE)) agus maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú (COM(2023) 40 final) (IO C 228, 29.6.2023, lch. 87); Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (tústuairim arna hiarraidh d'Uachtaránacht na Beilge) (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj); Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Rannpháirtíocht na hóige san idirphlé sóisialta agus sibhialta i réigiún na Meánmhara (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/1189, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1189/oj); Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An tábhacht atá le hidirphlé sibhialta agus sóisialta a institiúidiú i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/5152, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5152/oj).

3.6. Áirítear leis sin, freisin, tacaíocht spriocdhírithe do chomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear sna seirbhísí poiblí, agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus cláir fothaithe acmhainneachta a fhorbairt lena gcuirtear luachanna uilíocha agus Eorpacha chun cinn trí mheán comhpháirtíochtaí, idirphlé agus rannpháirtíocht shibhialta.

3.7. Molann CESE tús áite a thabhairt sa chéad leagan eile de CAI a bheidh ann do chistiú d'ardáin lena n-éascaítear an comhar trasnáisiúnta idir na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i mBallstáit an Aontais agus sna tíortha is iarrthóirí. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin malartú eolais, tacaíocht fhrithpháirteach agus tiomantas comhroinnte do luachanna Eorpacha a chothú. Sampla maith de sin is ea CIVINET na Slóivéine-na Cróite-Oirdheisceart na hEorpa (.i. líonra soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe) ([7]).

4. **Na seirbhísí poiblí mar bhonn don daonlathas agus don mhuinín**

4.1. Beidh rannpháirtíocht leathan ón tsochaí ag teastáil más uainn na tíortha is iarrthóirí a ailíniú le prionsabail dhaonlathacha chomhroinnte agus le luachanna an Aontais. Fostóirí agus oibrithe san earnáil phoiblí, agus iad ag obair go dlúth leis an tsochaí shibhialta, ní ann dóibh chun beartais a chur chun feidhme agus sin a bhfuil. Tá ról claochlaitheach acu maidir leis na beartais sin a mhúnlú, a chur chun feidhme, a mheas agus faireachán a dhéanamh orthu. Lena rannpháirtíocht ghníomhach struchtúrtha, is féidir a áirithiú go ndéantar noirm dhaonlathacha, cearta an duine agus an smacht reachta a leabú go héifeachtach in institiúidí agus sa saol laethúil.

4.2. Sa chomhthéacs sin, cuireann CESE i dtábhacht go láidir gur rud ríthábhachtach í earnáil phoiblí a fheidhmíonn go maith, atá bunaithe ar chearta agus a bhfuil fostóirí agus oibrithe tiomanta agus inniúla mar bhonn taca léi, chun na luachanna sin a leabú sa chleachtas. Ba cheart struchtúir thrédhearcacha institiúidithe le haghaidh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin a bhunú agus a chur chun feidhme.

4.3. Tá seirbhísí poiblí trédhearcacha, gairmiúla agus cuntasacha ríthábhachtach chun muinín na saoránach as institiúidí polaitiúla agus riaracháin a thógáil agus a chaomhnú. Is trí na hinstitiúidí sin a dhéantar príomhghnéithe den saol daonlathach, amhail rochtain ar cheartas, cóir chomhionann agus soláthar seirbhísí, a chur chun feidhme don phobal.

4.4. Trí mheán idirphlé sóisialta struchtúrtha, rannchuidíonn eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn le cur chun cinn dálaí oibre cuibhiúla, rialachais chuimsithigh agus na hurraime do chearta saothair agus don smacht reachta. Tacaíonn an ról atá acu maidir le seirbhísí poiblí a mhúnlú agus a sholáthar leis an aistriú chuig bunluachanna an Aontais Eorpaigh.

4.5. An tráth céanna, tá an comhar idir údaráis phoiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun oscailteacht, rannpháirtíocht shibhialta agus cuntasacht sa rialachas a áirithiú. Ba cheart tacú go gníomhach leis an gcomhar sin agus é a institiúidiú le go mbeadh sé ina uirlis feasta chun athléimneacht dhaonlathach agus comhtháthú sóisialta a chothú sna tíortha is iarrthóirí.

4.6. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcomhar idir earnáil phoiblí na dtíortha is iarrthóirí agus earnáil phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear tionscadail chomhpháirteacha, oiliúint agus piarfhoghlaim lena bhforbraítear acmhainneacht dhaonlathach agus gairmiúlacht riaracháin.

4.7. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur bunchloch den athléimneacht dhaonlathach iad na córais oideachais agus gur bealach ríthábhachtach iad chun an smacht reachta, cearta bunúsacha agus an tsaoránacht chuimsitheach a chur chun cinn. Is príomhghníomhairí iad múinteoirí sa phróiseas sin. In go leor tíortha comharsanacha san oirthear, go háirithe na tíortha sin a bhfuil oidhreacht iar-Shóivéadach acu, cuireadh oiliúint ar sciar suntasach d'oideoirí ar dtús faoi shamhlacha oideolaíocha láraithe forlámhacha. Ba mhinic nár cuireadh béim sna córais sin ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar an iolrachas ná ar an rannpháirtíocht dhaonlathach. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis náisiúnta tús áite a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil leantach múinteoirí laistigh de chláir de chuid na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus béim á leagan ar an oideachas sibhialta, ar luachanna daonlathacha agus ar chearta an duine. Tá sé sin ag teacht le cuspóirí sonracha an Rialacháin maidir leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais ([8]), lena n-áirítear rialachas daonlathach agus an urraim do chearta bunúsacha a chothú, chomh maith le hoideachas agus fostaíocht chuimsitheach a chur chun cinn, go háirithe do dhaoine óga. Tá CESE ag iarraidh go n-úsáidfí Erasmus+ agus cláir ábhartha eile an Aontais chun na spriocanna sin a chur i gcrích nuair is iomchuí.

([7]) https://civinet-slohr.eu/hr/english/.

([8]) Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) (IO L 330, 20.9.2021, lch. 1).

4.8. Is mian le CESE béim a leagan freisin ar an oideachas neamhfhoirmiúil, óir tá an-tábhacht leis sin chun na saoránaigh, an tsochaí shibhialta agus institiúidí poiblí a chumhachtú trí scileanna a fhorbairt, luachanna daonlathacha a chothú agus rannpháirtíocht shibhialta a fheabhsú. Cuireann an t-oideachas neamhfhoirmiúil idirphlé cuimsitheach chun cinn, neartaíonn sé an comhtháthú sóisialta agus tacaíonn sé leis an rialachas trédhearcach, trí rud ar príomhcholúin den phróiseas aontachais leis an Aontas iad.

4.9. Cuireann CESE i bhfáth an gá atá le neamhspleáchas gairmiúil múinteoirí a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear saoirse oideolaíoch agus neamhspleáchas institiúideach. Is réamhriachtanas é an neamhspleáchas chun é a chur ar a gcumas do mhúinteoirí idirphlé oscailte, smaointeoireacht chriticiúil agus feasacht ar chearta a chothú sa seomra ranga. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún tacú go gníomhach le hathchóirithe lena ráthaítear saoirse acadúil agus neamhspleáchas gairmiúil, lena gcosnaítear oideoirí ar bhearta díoltais, agus lena n-áirithítear rannpháirtíocht fhóinteach gairmithe teagaisc i bhforbairt beartas oideachais. Tá ríthábhacht le neamhspleáchas gairmiúil na múinteoirí chun cultúr daonlathach agus muinín as na hinstitiúidí a chothú.

An Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Uachtarán

Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Séamus BOLAND